


BioBeo

Co-funded by the European Union

# Treoirnótaí ar an bhFíseán 'Sparkling Seas' a Bioeconomy Adventure

## Clár


**Réamhrá:** **2**

**Sula mbreathnaíonn tú…** **2**

Gníomhaíochtaí: 3

1. Bord Sórtála Saol Trá (Eolaíocht & Matamaitic) 3

2. Insamhladh Sáile (STEM) 3

**Agus tú ag breathnú…** **3**

Gníomhaíochtaí: 3

1. Beatha Muirí - Feic agus Tarraing (Tíreolaíocht, Eolaíocht, Ealaín) 3

2. Bileog Chomhairimh Truaillithe (Matamaitic) 4

**Tar éis duit breathnú…** **4**

Gníomhaíochtaí: 4

1. Insamhladh Glanadh Trá & Meá (Corpoideachas, Matamaitic, Staidéar Comhshaoil) 4

2. Suiteán Farraigí Lonracha (Ealaín & STEM) 4

3. Dúshlán Sneaiceanna Saor ó Phlaisteach (SPHE, Nasc Baile/Scoile) 5

4. Cluiche Gluaiseachta Faoi Uisce (Corpoideachas & Dráma) 5

5. Dear Cara Trá BioEco (STEM & Ealaín) 5

Measúnú 5

Modhanna Measúnaithe 6

# ‘Sparkling Seas: A Bioeconomy Adventure’ Video
(Aoiseanna: 4–12, inoiriúnaithe)



## Réamhrá:

Tosaigh le plé a dhéanamh ar choincheap an bhithgheilleagair. An bhfuil sé i gceart go bhfuil plaisteach inár bhfarraigí? Leag béim ar an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus ciorclaíocht sa nádúr. Níl sé ceart ná cóir go mbeadh plaisteach sna farraigí! Lean Beo agus Raja agus iad ag iniúchadh na farraige, ag teacht ar bheatha muirí, agus ag gníomhú i gcoinne truailliú na bhfarraigí.

**Téamaí:** Beatha muirí, truailliú, inbhuanaitheacht, sláinte & uileghabhálacht (monatóir diaibéiteas)

## Sula mbreathnaíonn tú…

## Gníomhaíochtaí:

### 1. Bord Sórtála Saol Trá (Eolaíocht & Matamaitic)

**Gníomhaíocht:** Go hidéalach bheifeá in ann úsáid a bhaint as fíor-earraí trá (m.sh. sliogáin, sliogáin portán, píosaí plaisteacha glana). Sórtálann páistí earraí ina dhá ghrúpa: 'nádúrtha' nó 'déanta ag an duine'. Mura bhfuil fíor-earraí trá ar fáil, d'fhéadfá bréagáin a úsáid, ach is fearr fíor-earraí trá.

**Forbairt:** Sórtáil de réir datha, méide, ábhair.

**Acmhainní:** Tobáin nó tráidirí, mataí sórtála, earraí priontáilte nó earraí 3T

**Fócas Foghlama:** Ag rangú rudaí beo agus neamhbheo, ábhair, láimhseáil sonraí.

### 2. Insamhladh Sáile (STEM)

**Gníomhaíocht:** Measc salann isteach san uisce le huisce na farraige a athchruthú. Cuir rudaí beaga éagsúla (rudaí nádúrtha agus píosaí plaisteacha) isteach agus breathnaigh ar a bhfuil ag snámh nó ag dul faoi. Déan turgnamh cóimheasta le huisce gan salann mar aon leis an ngníomhaíocht seo. Bí cinnte n-iarrann tú ar na páistí a gcuid tuartha a dhéanamh faoin méid a tharlóidh.

**Fócas Foghlama:** Airíonna ábhar, tuar, snámh agus dul faoi

# Agus tú ag breathnú…

## Gníomhaíochtaí:

### 1. Beatha Muirí - Feic agus Tarraing (Tíreolaíocht, Eolaíocht, Ealaín)

**Gníomhaíocht:** Agus na páistí ag breathnú, tarraingíonn nó dathaíonn siad radharc farraige, ag cur gach créatúr a fheiceann siad leis (m.sh., réalta mara, ochtapas, portán, éan mara srl.)

**Forbairt:** Lipéadaigh gach créatúr agus grúpa mar veirteabrach/inveirteabrach.

**Fócas Foghlama:** Bithéagsúlacht mhuirí, breathnóireacht amhairc, léiriú cruthaitheach.

### 2. Bileog Chomhairimh Truaillithe (Matamaitic)

**Gníomhaíocht:** Coinníonn na páistí cuntas ar líon na bpíosaí plaisteacha nó bruscair a fheiceann siad agus iad ag breathnú ar an bhfíseán.

**Forbairt:** Bain úsáid as na torthaí le picteagram nó cairt barra a dhéanamh.

**Fócas Foghlama:** Comhaireamh, taifeadadh sonraí, ciall a bhaint as torthaí.

# Tar éis duit breathnú…

## Gníomhaíochtaí:

### 1. Insamhladh Glanadh Trá & Meá (Corpoideachas, Matamaitic, Staidéar Comhshaoil)

**Gníomhaíocht:** Más féidir, téigh chuig an trá is gaire duit le huirlisí leis an trá a ghlanadh. Má tá trá rófhada uait, socraigh trá bréige a bhfuil earraí bruscair éagsúla scaipthe uirthi (páipéar, buidéil phlaisteacha, sreangán). I bhfoirne, "glanann" na páistí an limistéar ag baint úsáide as tlúnna nó lámhainní. Meánn siad agus déanann siad taifead ar an méid a bhailíonn siad.

**Fócas Foghlama:** Cúram comhshaoil, tomhas meáchain, obair foirne.

**Forbairt:** Tarraing graf de na hiomláin ranga nó déan comparáid idir na cineálacha bruscair a bailíodh.

### 2. Suiteán Farraigí Lonracha (Ealaín & STEM)

**Gníomhaíocht:** Úsáideann na páistí fillteáin phlaisteacha glana, caipíní buidéal agus ábhair in-athchúrsáilte eile le dealbh nó colláis a chruthú a léiríonn ainmhithe aigéin agus truailliú.

**Fócas Foghlama:** Ealaín 3T, inbhuanaitheacht, cumarsáid léiritheach.

### 3. Dúshlán Sneaiceanna Saor ó Phlaisteach (SPHE, Nasc Baile/Scoile)

**Gníomhaíocht:** Pleanálann na páistí sneaiceanna scoile gan pacáistiú plaisteach. Déanann siad bácáil ar scoil le linn rang eolaíochta. Iarr ar na páistí a gcuid earraí bácáilte a tharraingt agus a gcuid oideas a scríobh amach i scríbhneoireacht ghnásúil.

**Fócas Foghlama:** Inbhuanaitheacht, freagracht phearsanta, comhoibriú baile-scoile.

### 4. Cluiche Gluaiseachta Faoi Uisce (Corpoideachas & Dráma)

**Gníomhaíocht:** Bogann na páistí cosúil le créatúir mhara (m.sh., sleamhnaíonn siad cosúil le gathán, siúlann siad cosúil le portán, croitheann siad cosúil le feamainn). Nuair a ghlaotar amach "plaisteach", reonn siad.

**Fócas Foghlama:** Gluaiseacht chruthaitheach, scileanna éisteachta, rialú coirp.

### 5. Dear Cara Trá BioEco (STEM & Ealaín)

**Gníomhaíocht:** Dearann páistí éicea-ghléas nó créatúr a ghlanann an fharraige ag baint úsáide as ábhair bhruscair. Ansin tógann siad an múnla. Ba chóir go gcuideodh sé leis an bhfarraige a ghlanadh ar bhealach éigin. Cuireann na páistí a gcuid éicea-ghléasanna i láthair don rang agus míníonn siad feidhmeanna a gcuid aireagán!

**Fócas Foghlama:** Réiteach fadhbanna, dearadh cruthaitheach, inbhuanaitheacht.

Físeán spéisiúil eile faoi phlaisteach sna haigéin agus sna farraigí:

## Paiste Mór Bruscair an Aigéin Chiúin

https://youtu.be/MnCbTTTi7ic?si=zAd4C_dmk4YKdtKd

## Measúnú

Cuireann an t-aonad seo measúnú foirmiúil agus measúnú suimitheach le chéile sna hábhair seo a leanas, Eolaíocht, Matamaitic, STEM, Corpoideachas, Drámaíocht, agus OSPS. Dírítear ar rannpháirtíocht, cruthaitheacht, réiteach fadhbanna, agus tuiscint chomhshaoil na bpáistí.

## Modhanna Measúnaithe

- **Seicliostaí Breathnóireachta Múinteora** - Úsáid le linn tascanna grúpa, tógálacha STEM, cluichí Corpoideachais

  *Dírigh ar chomhoibriú, cruthaitheacht agus iarracht*

- **Torthaí Tascanna Praiticiúla** - Bileoga comhairimh (comhaireamh truaillithe), meáchain ghlantacháin, pleanáil sneaiceanna, taispeántas dealbhóireachta

  *Is féidir fianaise amhairc a thaispeáint nó é a chur le punanna oibre*

- **Féinmhachnamh/Machnamh piaraí** - Aiseolas simplí soilse tráchta (m.sh., "Cén chaoi ar éirigh liom inniu?")

  *Bileoga machnaimh don suiteán ealaíne nó don chluiche gluaiseachta*

- **Athbhreithniú ar Mhiontionscadal** - Roghnaíonn gach páiste rud amháin a rinne siad (m.sh. ealaín, dearadh róbait, plean sneaiceanna). Cuir abairt amháin leis: "Cabhraíonn sé seo leis na farraigí mar…"